Coróinvíreas
**COVID-19**

Coróinvíreas
**COVID-19**
Comhairle
Sláinte Poiblí

# Plean Gníomhaíochta an Rialtais **Treisiú le Beartaíocht an Phobail**

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár

| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | 2 |
| **Trí Bheart Príomhthábhachta** | 3 |
| **Beart 1** – Saorálaíocht a spreagadh agus a chothú | 4 |
| **Beart 2** – Cúnamh pobail a chur ar fáil do dhaoine aosta | 5 |
| **Beart 3** – Áis deasca cabhrach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla | 6 |
| **Focal Scoir** – Treisiú le hEarnáil an Phobail agus na Saorálaíochta | 7 |

# Réamhrá

**Tá de nós le fada ag an bpobal i ngach comharsanacht in Éirinn oibriú i gcomhar lena chéile in am an ghátair. Feictear arís agus arís eile é le himeacht na mblianta – nuair a thagann stoirmeacha nó tuilte, nó géarchéim eacnamaíochta, seasann gach duine sa chomharsanacht lena chéile.**

Is géire an gá anois ná ag aon am riamh meon láidir an chomhair mar atá i bpobal na hÉireann a thapú agus oibriú as lámha a chéile go sáraítear an dúshlán atá á thabhairt don tír.

Ní foláir, go mór mór, do dhaoine a bheith aireach airdeallach maidir le daoine aosta nó comharsana eile a bheadh i mbaol, le haird i gcónaí ar threoirlínte FSS maidir le dealú daoine. Tá an-tábhacht le caidreamh sóisialta a choinneáil le daoine atá ina n-aonar ina dteach féin faoi láthair, fiú mura mbeadh i gceist ach comhrá teileafóin.

Cheana féin, le seachtain anuas, feictear borradh faoi bheartaíocht an phobail agus dreamanna éagsúla, idir chlubanna spóirt agus chumainn áitritheoirí – chomh maith le daoine cásmhara eile – i mbun córais a thionscnamh chun cuidiú le daoine ina gceantar féin a bheadh i mbaol nó scoite ó chomhluadar. Is ábhar dóchais agus ardú meanman sin.

Ní foláir, ina dhiaidh sin is uile, don Rialtas creatchóras lárnach a chur ar fáil ar féidir beartaíocht seo an phobail a chur i gcrích faoina scáth, ionas gur féidir **a choinneáil ar bun go fadtéarmach** agus go gcinntítear go bhfaigheann **oiread agus is féidir de na daoine a bheadh i mbaol** cúnamh in am seo an dúshláin mhóir.

An Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) atá i mbun na ceannródaíochta maidir leis an mbeartaíocht sláinte poiblí i ndáil le COVID-19 agus foilsíodh ar an 16 Márta, mar chuid de bheartaíocht chomhtháite an Rialtais, Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ina leagtar amach beartaíocht ar fud na sochaí uile agus acmhainní ar fud an Rialtais agus na sochaí á gcur chun feidhme chun scaipeadh an víris a shrianadh.

Ina chomhthéacs sin agus faoi chreatchóras Fho-Ghrúpa NPHET maidir le Daoine Leochaileacha, tá an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag déanamh ceannródaíochta maidir le dícheall an Rialtais uile beartaíocht pobail i leith COVID-19 a spreagadh agus a chothú ar bhealach a chuideoidh leis na comharsana aosta agus leochaileacha a chosaint agus a choinneáil slán sábháilte le cabhair agus cúnamh acu i rith na seachtainí seo romhainn.

Sa **Phlean Gníomhaíochta** seo, a cuireadh le chéile i gcomhar leis an Roinn Sláinte, Ranna eile de chuid an Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus an craobhchóras leitheadach d'eagraíochtaí pobail agus deonacha, leagtar amach **trí ghníomh príomhthábhachta a mbeidh béim ar dtús orthu** i ndáil le bonn treise a choinneáil faoi bheartaíocht pobail i leith COVID-19.

Chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta seo, beidh **Pacáiste Cumarsáide** do dhaoine den phobal á scaipeadh go leitheadach, trí na craobhchórais agus ar bhealaí eile, ar gach eagraíocht pobail agus dheonach ar fud na tíre.

# Beidh treoir agus comhairle sa phacáiste sin faoi:

- Modhanna inar féidir saorálaíocht a dhéanamh
- Stuaim agus Staidéar maidir le Saorálaíocht – Déantar / Ná Déantar
- Comhairle do ghrúpaí pobail áitiúla – conas is féidir saorálaithe a earcú?
- Comhairle ar dhaoine leochaileacha a dteastaíonn cúnamh uathu
- Modhanna inar féidir caimiléireacht a sheachaint agus muinín a chothú
- Bileog eolais le scaipeadh i measc an phobail – "**An Duine, An Chomharsanacht agus Covid-19**" – ina ngríosaítear daoine go mbíonn siad aireach faoi chomharsana a bheadh i mbaol.

# Trí Bheart Príomhthábhachta

**Tá trí bheart príomhthábhachta tugtha chun suntais ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a bhfuil béim le leagan gan mhoill orthu. Cuirfear na cistí agus na hacmhainní riachtanacha ar fáil láithreach agus beifear ag oibriú le páirtnéirí an chomhair chun na bearta a chur i gcrích i measc an phobail a luaithe is féidir. Tá tús curtha cheana féin leis an obair ina leith sin.**

1. **Saorálaíocht a spreagadh agus a chothú** – i gcomhar le hObair Dheonach Éireann, 22 Ionad Saorálaíochta agus 7 Seirbhís Eolais Saorálaíochta, le tacaíocht ó Chuideachtaí Forbartha Áitiúla
2. **Cúnamh pobail a chur ar fáil do dhaoine aosta** – i gcomhar le ALONE
3. **Áis deasca cabhrach a chur ar bun do ghrúpaí pobail áitiúla** – i gcomhar le 31 Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Tugtar breis sonraí maidir le gach ceann de na bearta sin ar na leathanaigh a leanas. Tá bearta eile á leagan amach a bheidh á dtabhairt i bhfeidhm i rith na seachtainí seo romhainn.

## Beart 1 Saorálaíocht a spreagadh agus a chothú

**Cuirfear modh simplí éasca ar fáil trínar féidir le daoine ar mian leo cúnamh a thabhairt ar bhonn deonach a dtoil sin a dhéanamh a léiriú agus ceanglófar iad le soláthraithe seirbhíse sa chomharsanacht a bhfuil cúnamh breise de dhíth orthu.**

Déanann Obair Dheonach Éireann agus craobhchóras 22 Ionad Saorálaíochta bainistíocht i gcomhar ar an mbunachar sonraí náisiúnta maidir le hobair dheonach (I-VOL). Tá siad ar an láthair i naoi gcinn déag de chontaetha in Éirinn agus ar an gcóras is fearr atá i riocht oibrithe deonacha agus eagraíochtaí áitiúla a shlógadh chun teacht i gcabhair ar na daoine is mó a bheadh i mbaol i measc an phobail nuair is géire call leis. Faoi dheireadh mhí Feabhra 2020, bhí beagnach 100,000 oibrí deonach agus 9,000 eagraíocht cláraithe ar bhunachar sonraí I-VOL – tá méadú níos mó ná 2,000 ar an líon sin le seachtain anuas de réir mar atá oibrithe deonacha ag cur a n-ainm le liostaí na ndaoine a bhfuil fonn orthu cúnamh a thabhairt maidir le COVID-19 ar fud na tíre.

Cuirfidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail acmhainní breise ar fáil d'Obair Dheonach Éireann agus do na hIonaid Saorálaíochta chun a chur ar a gcumas cur go mór lena gcuid oibre i rith na seachtainí seo romhainn mar gheall ar Covid-19. Cuirfear acmhainní ar fáil freisin do na Seirbhísí Eolais Saorálaíochta a dtacaíonn na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla leo i gceantair nach ndéantar freastal le hIonad Saorálaíochta orthu faoi láthair. Beidh an bhéim is mó ar oibrithe deonacha a earcú – ar bhearta cumarsáide trí na meáin shóisialta d'fhonn aird a tharraingt ar an ngá le hoibrithe deonacha agus ar oibrithe deonacha a earcú agus scagadh a dhéanamh orthu d'eagraíochtaí áitiúla agus do sheirbhísí reachtúla atá ag cuidiú le daoine leochaileacha i measc an phobail.

Tá an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag obair i gcomhar le Biúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána d'fhonn a chinntiú gur féidir athbhreithniú a dhéanamh go luath maidir le rólanna deonacha a cheanglaítear go sonrach leis an bplean COVID-19 agus, sa chás go meastar riachtanas le grinnfhiosrú, gur féidir sin a dhéanamh trí phróiseas mear.

Cuideoidh Obair Dheonach Éireann freisin le heagraíochtaí a bhfuil éileamh breise ar a gcuid seirbhísí agus ar gá dóibh oibrithe deonacha a earcú go tobann. Tabharfar tús áite do chúnamh d'eagraíochtaí atá ag plé go díreach leis an ngéarchéim, ina measc ALONE, an Chosaint Shibhialta agus Cumann na Croise Deirge.

Is eagraíocht neamhspleách gach Ionad Saorálaíochta faoi leith agus ní mar a chéile na hacmhainní atá ar fáil ag gach ceann faoi seach. Cé nach mbeidh gach Ionad Saorálaíochta i riocht bainistíocht a dhéanamh ar bheartaíocht dheonach ar mhórscála, déanfaidh an t-iomlán a gcion maidir le teachtaireachtaí tairbheacha réamhaontaithe a chraobhscaoileadh agus na rólanna saorálaíochta is buntábhachtaí a chur chun tosaigh. Beidh ar chumas Ionaid Saorálaíochta móra, mar shampla na hionaid i mBaile Átha Cliath agus i mbailte móra eile, sluaite móra a chur i mbun gnímh trí obair bolscaireachta, earcaíochta agus scagdhealaithe. Bainfidh sin ualach chuid de na bearta oibre is troime ó thaobh ama - mar shampla sonraíocht oibre a scríobh agus oibrithe deonacha a roghnú - de na heagraíochtaí atá gnóthach i mbun dhéanamh na hoibre féin.

Tá tús curtha leis an obair seo cheana féin – mar shampla, tá oibrithe deonacha áitiúla arna n-earcú ag Ionaid Saorálaíochta i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, ag cuidiú cheana féin le FSS ag an ionad tástála pobail nua i dTamhlacht.

Tabharfar eolas cruinn soiléir don phobal faoin áit agus an modh inar féidir spéis a léiriú in obair dheonach a dhéanamh.

## Beart 2 — Cúnamh pobail a chur ar fáil do dhaoine aosta

**Déanfar forfheabhsú ar an lón eolais, ar an gcomhairle agus ar chúnamh de chineálacha eile atá ar fáil sa bhaile ag daoine aosta, cúnamh ar an teileafón san áireamh do dhaoine nach dtapaíonn eolas ar na meáin cheangailte.**

Is eagraíocht dheonach ALONE a oibríonn i gcomhar leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí Stáit ar mhaithe le cúnamh taca agus neamhspleáchas do dhaoine aosta ina n-áit cónaithe féin. Cuidítear le daoine aonair agus lena gcuid gaolta oibriú le heagraíochtaí eile chun feabhas a chur ar an saol ag daoine aosta. Oibrítear leis an uile dhuine aosta, iad siúd san áireamh atá uaigneach, aonarach, lag nó breoite, gan dídean, beo bocht, nó ag sracadh le deacrachtaí eile. Seasann ALONE leo agus sin á shárú acu.

Faoi Sheirbhís Cuartaíochta agus Cairdis ALONE, tugann duine deonach cuairt go rialta ar dhuine aosta ionas go mbíonn comhluadar agus cúnamh praiticiúil ar fáil. Bíonn na hoibrithe deonacha seo ina gcúnamh maidir le nithe praiticiúla agus ina bhfoinsí eolais maidir le cúrsaí an cheantair agus le tionscnaimh a mbeadh leas ag an duine aosta astu.

Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, tá líne cúnta teileafóin le huaireanta fada feidhme (8 r.n. - 8 i.n.) á sheoladh do dhaoine aosta agus dá gcuid daoine muinteartha sa chás go mbeadh comhairle, misneach nó cúnamh breise de dhíth orthu. Trí ghlaonna den chineál sin, tá ábhar misnigh agus comhairle á chur ar fáil ag ALONE de réir threoir FSS chomh maith le hathchúnamh leantach a thairiscint, glao teileafóin gach lá san áireamh nó cúnamh le nithe praiticiúla, mar shampla cúrsaí siopadóireachta nó cógais leighis a dháileadh, a chinntiú go mbíonn dóthain breosla ar fáil agus nach mbraitheann daoine go bhfuil siad scoite ón bpobal. Is féidir gach duine aosta a ghlaonn ar an uimhir cabhrach seo a cheangal le lucht foirne ALONE a bhfuil ar a gcumas déileáil le cásanna riachtanais eile trí nithe a mheas ar an teileafón nó ar an láthair.

Le cistíocht ón Rialtas, tá breis foirne agus oibrithe deonacha á gcur chun feidhme ag ALONE i ndáil le gnóthaí comhordúcháin agus feidhmiúcháin maidir leis an éileamh breise a mheastar a bheidh ar an tseirbhís. Tá rún 1,500 oibrí deonach breise a earcú i rith na seachtainí beaga seo romhainn agus táthar ag comhoibriú le hObair Dheonach Éireann chun sin a thabhairt i gcrích. Beidh baill foirne breise á n-earcú ag ALONE ar fud na hÉireann maidir leis an mbainistíocht ar na hoibrithe deonacha nua.

Leis na bearta taca sin i bhfeidhm, beidh ALONE i riocht bearta cúnta praiticiúla eile do dhaoine a gcuireann Covid-19 isteach orthu a chur ar fáil do na seirbhísí uile in earnáil an phobail agus in earnáil na sláinte, cuid mhór acu a chuireann cliaint faoi bhráid ALONE ar an ngnáthbhealach e.g. ospidéil maidir le hothair a scaoileadh abhaile, Altraí Sláinte Poiblí, Oibrithe Sóisialta, meithle teiripe do dhaoine laga, modhanna slánchóirithe aire do dhaoine aosta, seirbhísí Béile ag Baile, dáileadh cógais leighis agus ábhar siopadóireachta etc.

## Beart 3 Áis deasca cabhrach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla

**Cinnteofar go mbíonn teacht go díreach ag grúpaí pobail áitiúla ar an eolas a theastaíonn ag dul i ngleic leis an ábhar dúshláin atá romhainn.**

Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cúnamh taca ar fáil don earnáil pobail agus don earnáil dheonach ar fad le cláir cistíochta agus le deontais agus trí threisiú le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) i ngach limistéar údaráis áitiúil. Craobhchóras an LRP lena mbaineann grúpaí pobail agus grúpaí deonacha áitiúla agus is é cuspóir atá leis go mbeadh modh ar fáil inar féidir tabhairt faoi rannpháirtíocht an phobail ar an leibhéal logánta. Tá breis agus 16,000 eagraíocht áitiúil ceangailte le LRP, craobhchóras forleitheadach rífhiúntach maidir le caidreamh ar fud na gcomharsanachtaí ar fad.

Le roinnt bheag seachtainí anuas, is léir gur ábhar buartha ag grúpaí pobail agus ag grúpaí deonacha atá ag ullmhú don toradh a bheidh ar an ráig COVID-19 ceisteanna áirithe, mar shampla éileamh breise ar a gcuid seirbhísí, laghdú measta ar líon na n-oibrithe deonacha (mar gheall ar na hoibrithe deonacha a bheith i mbaol iad féin, breoite nó á dtabhairt féin ar leithligh) agus teacht leanúnach ar na gnáthshlabhraí soláthair. Cuirfear deacracht faoi leith roimh chuid mhór grúpa beaga logánta, atá ag brath go hiomlán ar oibrithe deonacha, mar gheall air sin.

Tá Deasc Cabhrach ríomhphoist á chur ar bun ag an Roinn chun cuidiú go sonrach le grúpaí beaga pobail i mbun a gcuid fiosruithe agus iad a chur i mbun caidrimh le foinsí oiriúnacha cúnaimh, eagraíochtaí den chineál céanna ina measc atá ceangailte le craobhchóras níos forleithne. Leis an tseirbhís seo, beidh teacht ar an ríomhphost ar bhaill foirne sainoilte a fhéachfaidh le deacrachtaí a réiteach de réir mar a thagann siad chun cinn. De réir mar a bhíonn fiosrú á dhéanamh, cuirfear eolas maidir le Ceisteanna Coitianta i dtoll a chéile agus foilseofar sin ar láithreán gréasáin an Rialtais.

**Seo an seoladh ríomhphoist faoi leith don tseirbhís: C&VSupports@drcd.gov.ie**

# Focal Scoir
## Treisiú le hEarnáil an Phobail agus na Saorálaíochta

Agus beart á dhéanamh don phobal, oibríonn an Rialtas go dlúth le heagraíochtaí ar fud earnáil an phobail agus na saorálaíochta. Tuigtear go dtabharfar dúshlán na hearnála sin féin i rith an ama seo i mbun dúthrachta agus díograise maidir leis an dícheall náisiúnta. Beidh gá, mar gheall ar chúinsí maidir le géarchéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid cheana le hathrú ar ord tábhachta agus le hatheagar ar na bearta a dhéantar, le malairt socruithe teagmhais chun seirbhísí bunriachtanacha a choinneáil ar bun, agus le meon sochomhairle maidir le hacmhainní na hearnála a úsáid, a chur in athord tábhachta agus i leith mhalairt cúraim. Tá an Rialtas tugtha do chomhoibriú dlúth leis an earnáil i mbun na bainistíochta ar ábhar dúshláin na linne seo. Beidh gá na réimsí nua éilimh agus riachtanais seo a thabhairt san áireamh leis an athbhreithniú agus an measúnacht a dhéantar ar spriocanna feidhmiúcháin na gclár san am atá romhainn agus ar na comhaontuithe feidhmiúlachta atá socraithe cheana féin i leith na bliana 2020.

Is é an pobal sna comharsanachtaí éagsúla an acmhainn is tábhachtaí sa tír. Tá an Rialtas tugtha don bhealach a réiteach do mheon an chomhair agus do threisiú leis an obair dheonach atá de mhianach i bpobal na gcomharsanachtaí go léir an tráth seo a bhfuil dúshlán na tíre á tabhairt ar bhealach nár tharla riamh cheana. Beidh ríthábhacht le slógadh na ngrúpaí pobail agus na n-eagraíochtaí deonacha agus le spreagadh na saorálaíochta maidir lena chinntiú go mbíonn cúnamh taca ag na daoine inár measc is mó a bheadh i mbaol agus gur féidir an riachtanas a shásamh don uile dhuine sa chás go dtarlaíonn na gnáthmhodhanna cabhrach a mbítear ag brath orthu a bhriseadh.

Is gné amháin de bheartaíocht chuimsitheach an Rialtais i leith COVID-19 an Plean Gníomhaíochta seo. Cé go bhfuil cur chuige comhordaithe an Rialtais uile ina dhlúthchuid den phleanáil agus den bhainistíocht maidir lena dtagann de thoradh ar aon chás éigeandála, is ar leibhéal an phobail a tharlaíonn seifteanna a chur i bhfeidhm i ndeireadh báire. Leis na bearta a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta seo, leanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail den obair maidir leis an gceangal agus an nascadh atá de dhlúth agus d'inneach sa phobal a chothú. Trí threisiú le muintearas an phobail, cothófar an beocht agus an tsoghluaisteacht ionainn tráth seo na práinne. Ar chur don phobal le chéile, beidh an neart ionainn a sháróidh gach dúshlán dá ghéire.

Arna ullmhú ag an Roinn Forbartha Tuaithe
agus Pobail **www.gov.ie/drcd**